Gaelscoil na Fuinseoige
oifig@gsnafuinseoige.ie
(01) 298 9851
www.gsnafuinseoige.ie

Nuachtlitir
Mí na Nollag, 2021

FÁILTE/*WELCOME*

A chairde,

Tá súil agam go bhfuil sibh go maith agus go mbaineann sibh taitneamh as nuacht na míosa seo a léamh.

I hope this newsletter finds you all well. Enjoy reading up on this month's news in Gaelscoil na Fuinseoige.

Aisling

SEÓ NA NOLLAG / *CHRISTMAS SHOWS*

Tá áthas orainn go bhfuilimid in ann Seó na Nollag a dhéanamh arís i mbliana. Tá na páistí agus múinteoirí ag obair go han-dian ag cleachtadh gach lá. Míle buíochas leis na tuismitheoirí atá á thaifead agus á chur le chéile dúinn. Murach iad, ní bheadh seó ann. Cuirfimid an nasc abhaile chugaibh roimh na Nollag.

We are delighted to be able to present a Christmas show again this year. This is thanks to the parents who are filming and editing the shows for us. This is a huge undertaking and we are extremely grateful to them for doing it. The children and teachers are working very hard in preparation for the recordings. We will send the link home to you before the Christmas break.

FÉINMHEASTÓIREACHT SCOILE / *SCHOOL SELF EVALUATION*

Tá uimhearthacht roghnaithe againn mar fhoireann don FMS. Beimid ag obair ar ár scileanna uimhearthachta agus muid ag díriú ar obair ghníomhach agus ar réiteach faidhbe.

We have chosen numeracy as our focus for SSE. We are working hard on our numeracy skills and are placing a special emphasis on the use of concrete materials and problem solving in the classroom.

CUMHDACH LEANAÍ / *CHILD PROTECTION*

Tá Ráiteas Cumhdach Leanaí ar fáil ar an gclár fógraíochta taobh istigh de dhoras na scoile. Tá sé ar fáil freisin ar an suíomh idirlín, www.gsnfuinseoige.ie. Is í Aisling an DIA agus Katy an leas DIA.

The Child Safeguarding Statement is available to read on the noticeboard inside the main door of the school. It is also available on our school website, www.gsnafuinseoige.ie. Aisling is the DLP and Katy the DDLP.

CATHAOIRLEACH NA SCOILE / *SCHOOL CHAIRPERON*

Faraor, de bharr geallúnaí oibre, caithfidh ár gcathaoirleach, Máirín Ní Chéileachair seasamh siar mar chathaoirleach ar an mbord bainistíochta. Beidh sí fós ina ball den bhord áfach. Thacaigh Máirín leis an scoil ón gcéad lá agus táimid go mór faoi chomaoin aici as sin. Cuirfear ar an eolas sibh nuair atá cathaoirleach nua ceaptha againn.

We regret to tell you that, due to work commitments our chairperson, Máirín Ní Chéileachair has to stand down as chairperson of the board of management. Máirín has been an integral part of the school from day one and we are indebted to her for support over the years. She will remain on as a board member. We will inform you once a new chairperson has been appointed.

LAETHANTA SAOIRE / *HOLIDAYS*

Críochnóidh an scoil ar an gCéadaoin 22 Nollag ag 11.45rn do laethanta saoire na Nollag. Osclóimid arís ar an Déardaoin 6 Eanáir ag a 8.30rn.

School will close for the Christmas holidays on Wednesday, 22nd December at 11.45am. We will re-open on Thursday, 6th January at 8.30am.

DIABETES AWARENESS DAY

Míle buíochas libh ar fad as tacú leis an Lá Gorm a bhí againn ar scoil le déanaí. Bhailíomar €1400 ar son Diabetes Ireland atá do-chreidte.

Many thanks to you all for your support on our recent "Blue Day" in school. We raised an amazing €1400 for Diabetes Ireland.

TIOMSÚ AIRGID AN CHOISTTE CAIRDE / *COISTE CAIRDE FUNDRAISING*

Mar is gnáth, leis an tiomsú airgid is déanaí, tá tacaíocht thar chuimse tugtha ag pobal na scoile don scoil. Tuigtear dúinn go raibh ócáidí an-taitneamhach agaibh ag sibh i mbun comórtais ag bailiú airgid. Tá ríméad a rá go bhfuil ós cionn €5,500 bailithe agaibh. Rachaidh an t-airgead sin ar fad i dtreo Chrome Books a cheannach don scoil.

As always, you have managed to support the school in a huge way and raised a fantastic €5,500 for us in your recent fundraiser "Clash na Ranganna". We will use this money to purchase Chrome Books for the children to use.

BULAÍOCHT / *BULLYING*

Labhraíomar ag an tionól faoi bhulaíocht agus an brí atá leis. Tuigeann na páistí ar fad gur cheart dóibh labhairt leis an múinteoir nó le duine fásta má tá duine ag cur isteach orthu. Tá ceachtanna déanta ag gach rang chomh maith.

We spoke to the children at last week's assembly about bullying and what it means. The children all understand that they should speak to an adult if someone is upsetting them and that we will help makes things better for them. Each class has had lesson with their teacher on the subject also.

TEAGMHÁIL LEIS AN SCOIL / *CONTACTING THE SCHOOL*

Nuair atá ríomhphost á sheoladh agat chun na scoile don mhúinteoir ranga beadh sé ina chabhair mhór dá gcuirfí ainm an pháiste agus ainm an mhúinteora in ábhar an teachtaireachta le bhúr dtoil.

When sending an email to the school for a teacher, it would be a huge help if you could include the class teacher's and child's names in the message subject please.

IOMPAR SA CHLÓS / *BEHAVIOUR IN YARD*

Tá roinnt iompar garbh ar siúl sa chlós faoi láthair, go háirithe i measc na mbunranganna. Táimid ag dul i ngleic le seo agus tá córas moltach curtha i bhfeidhm i roinnt ranganna leis an dea-iompar a mholadh. Anuas ar sin, táimid ag cur fearais spóirt amach sa chlós. Beidh na múinteoirí ag múineadh cluichí clóis traidisiúnta dóibh freisin agus táimid dóchasach go gcabhróidh sé seo.

Some of the younger classes are engaging in rough play in the yard. We speak to them regularly about it and are implementing rewards systems in some cases to help improve matters. We are also providing sports equipment in the yard for the children to play with which will also help. The teachers will be teaching them traditional yard games also in the new year. We would appreciate it if you could speak to you children about this please.